# Cearta Leanaí a Fhíorú

Gníomhaíochtaí agus Gníomhartha maidir le Cearta Leanaí do dhaltaí **sna Naíonáin Sóisearacha agus sna Naíonáin Sinsearacha**

ombudsman do leanaí for children

UNCRC 25
Children Now, Rights Now

Centre for Human Rights and Citizenship Education
DCU Institute of Education

# Clár Ábhar

Teachtaireacht ón Ombudsman do Leanaí 2

Conas na hábhair seo a usáid: Eolas do Mhúinteoirí 3

Gníomhaíocht 1: Cad atá ag teastáil ó leanaí le bheith sona 4

Gníomhaíocht 2: Cé a chuidíonn chun Cearta Leanaí a chosaint? 6

Gníomhaíocht 3: Gníomh! Moladh do Chearta Leanaí 9

Acmhainn 1: Léirithe um Chúinsí éagóracha 11

Acmhainn 2: Léirithe um Chearta Leanaí 12

Achmhainn 3: Léirithe um Chearta Leanaí – focail agus pictiúirí 14

Acmhainn 4: Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh 16

# A Phríomhoide agus a Mhúinteoir,

Mar an Ombudsman do Leanaí, is é ceann de mo chuid ról feasacht maidir le cearta leanaí a chur chun cinn, lena n-áirítear i measc leanaí agus daoine óga agus lena n-áirítear Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh.

Is éard is aidhm leis na hábhair Cearta Leanaí a Fhíorú ná cuidiú leat chun cearta leanaí a thaiscéaladh le bhur ndaltaí i gcomhthéacs na múinteoireachta agus na foghlama curaclaim. Forbraíodh na hábhair ag foireann oideachasóirí ag an Ionad um Chearta an Duine agus Oideachas Saonárnachta, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Ollamh Fionnuala Waldron, le Brian Ruane, leis an Dr. Banjamin Mallon, le Rowan Oberman agus leis an Dr. Seline Keating as a gcuid oibre chun na hábhair a cheapadh.

Uaireanta fiafraíonn daoine dúinn cá háit a shainítear cearta leanaí. Is iad an dá phríomhphointe tagartha ná an Bunreacht, an phríomhionstraim dlí in Éirinn, agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (UNCRC), sraith de chaighdeán chearta daonna arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta.

Dhaingnigh Éire an UNCRC i 1992. Trí sin a dhéanamh, rinne Éire gealltanas faoi dhlí idirnáisiúnta cearta na leanaí arna leagan amach sa Choinbhinsiún a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh, gan leithcheal ar bith. I 2017, beidh sé 25 bliain ó rinne an Stát an gealltanas tábhachtach seo oibriú I dtreo chearta na leanaí faoin UNCRC a bhaint amach I saol laethúil leanaí agus daoine óga a chónaíonn in Éirinn.

I 2016, thugamar faoi chomhairliúchán ar a dtugtar Tune In, a lorg tuairimí leanaí agus daoine óga ar an gcaoi ar mhaith leo go méadódh an OCO feasacht maidir le cearta leanaí I measc leanaí agus daoine óga sa todhchaí. Is í an scoil an áit is minice a aithníodh inar mhaith le leanaí agus daoine óga eolas a fháil faoi chearta leanaí. Is múinteoirí, mar aon le tuismitheoirí/caomhnóirí na daoine is minice a aithníodh mar na daoine a bhfuil muinín ag leanaí agus daoine óga astu agus a bhfuil siad sásta eolas a fháil faoi chearta leanaí uathu.

I bhfianaise na dtorthaí sin agus i gcomhthéacs na comórtha 25 bliain, tá áthas orm gur féidir linn an tstraith ábhar Cearta Leanaí a Fhíorú a chur ar fáil do scoileanna. Tá súil agam go dtacóidh na hábhair le do chuid oibre agus go mbeidh tú féin agus do mhic léinn den tuairim go bhfuil siad oideachsúil agus taitneamhach.

Áirítear leis na hábhair aird thábhachtach chun tacú le leanaí agus daoine óg chun beart a chur I bhfeidhm I ndáil le cearta leanaí (féach Gníomhaíocht 3). Bheimis thar a bheith sásta dá n-inseodh sibh dúinn faoi ghníomh ar bith a ghlacfadh sibh trí ríomhphost a sheoladh chugainn ag education@oco.ie nó trí teangmháil a dhéanamh linn ar Twitter (@OCO_ireland), Facebook (@OCOIreland) nó Instagram (@ombudsmanforchildren).

Míle buíochas,





**Niall Muldoon**

An tOmbudsman do Leanaí
2017

# Conas na hÁbhair seo a Usáid: Eolas do Mhúinteoirí

## Réamhrá leis na hábhair seo

D'fhorbair an tIonad um Chearta Daonna agus Oideachas Saoránachta, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath na hábhair seo d'Oifig an Ombudsman do Leanai (OCO) chun tacú le Leanaí sna Naíonáin Sóisearacha agus Sinsearacha (leanaí idir 4 agus 6 bliana d'aois nó mar sin) chun cearta leanaí a thaiscéaladh agus chun gníomh a dhéanamh ina leith.

## Gníomhaíochtaí

Áirítear na gníomhaíochtaí seo a leanas leis an acmhainn seo:

- **Gníomhaíocht 1 – Cad atá ag teastáil ó leanaí le bheith sona**
  Trí réimse íomhánna a usáid, tacaíonn an ghníomhaíocht seo le leanaí chun taiscéaladh a dhéanamh ar a dteastaíonn ó leanaí le bheith sona. Cuirtear coincheap de chearta leanaí os comhair na leanaí agus an smaoineamh go mbíonn cearta leanaí ag gach leanbh.
- **Gníomhaíocht 2 – Cé a chuidíonn chun cearta leanaí a chosaint?**
  Tacaíonn an ghníomhaíocht seo le leanaí chun machnamh faoin té ag a bhféadfadh ról le feidhmiú chun cuidiú le cearta leanaí a chosaint agus a chomhlíonadh.
- **Gníomhaíocht 3 - Gníomh! Moladh do chearta leanaí**
  Tugtar achoimre leis an ngníomhaíocht seo ar ghníomh ar féidir leat tacaíocht a thabhairt do na leanaí i do rang chun glacadh le feasacht a spreagadh faoi chearta leanaí i measc leanaí eile, chomh maith le tuismitheoirí/caomhnóirí agus foireann na scoile.

## Acmhainní agus ábhair a ghabhann leis

Is féidir na hacmhainní a forbraíodh le linn na ngníomhaíochtaí a fháil ag deireadh an phacáiste seo agus cuirtear uimhreacha orthu chun cabhrú leat iad a aithint. Tá taispeántas sleamhnán de shiombailí a dhéanann ionadaíocht ar chearta leanaí faoin UNCRC agus póstaer den UNCRC ar fáil ar láithreán gréasáin an OCO chun tacaíocht bhreise a thabhairt do d'obair leis na leanaí. Soláthraíonn láithreán gréasáin an OCO Comhad Tacaíochta do Mhúinteoirí freisin, ina bhfuil eolas fhorlíontach, lena n-áirítear roinnt comhad fíricí, gluais téarmaí a bhaineann le cearta leanaí, agus naisc chuig roinnt láithreán gréasáin, a sholáthraíonn eolas bhreise a d'fhéadfadh cur le do chuid oibre d'fhonn cur chuigí seomra ranga agus scoile uile i ndáil le hoideachas cearta leanaí a fhorbairt.

## Prionsabail agus Cur Chuige Oideachasúil

Tá cúig shraith d'ábhair a bhaineann le Cearta Leanaí a Fhíorú, agus tá gach ceann dírithe ar aoisghrúpa áirithe leanaí agus daoine óga. Forbraíodh na hábhair ag baint úsáide as cur chuige bíseach maidir le pleanáil oideachais. Cé go bhforbraíodh na gníomhaíochtaí d'aoisghrúpaí sonracha agus gur féidir iad a úsáid mar ghníomhaíochtaí neamhspleácha nó a rith mar shraith ceachtanna, tá roinnt príomhphrionsabal ann a thacaíonn le gach ceann de na hábhair. Áirítear ar na prionsabail sin an tábhacht a bhaineann le feasacht agus tuiscint leanaí agus daoine óga ar a gcearta a ardú; rud a thugann deiseanna do leanaí agus do dhaoine óga a gcuid tuairimí a nochtadh agus páirt a ghlacadh i gcinnteoireacht; agus a thacaíonn le leanaí agus le daoine óga gníomhú go haoisoiriúnach chun tionchar a imirt agus athrú a chur ar chúrsaí.

## Naisc le hAistear agus leis an gCuraclam Bunscolaíochta

Más oideachasóir tú i suíomh luathóige nó más múinteoir bunscoile tú, is amhlaidh a thacóidh na hábhair seo le do shaothar chun roinnt gnéithe d'Aistear a sheachadadh, lena n-áirítear Folláine, agus den Churaclam Bunscolaíochta, lena n-áirítear an tOideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte.

## Gníomhaíocht 1: Cad atá ag teastáil ó leanaí le bheith Sona

### Cuspóir:

An chéad uair do leanaí bheith ag machnamh faoin:

- smaoineamh faoi chearta agus faoi chearta leanaí
- smaoineamh go mbaineann feidhm le cearta leanaí dóibhsean
- smaoineamh go mbaineann feidhm le cearta leaní do gach leanbh i ngach aon áit

### Ceisteanna treoracha:

- Cad is cearta ann?
- Cad is cearta leanaí ann?
- An mbíonn cearta ag gach leanbh?

### Torthaí na foghlama:

Foghlaimeoimid inniu faoi:

- cinneadh a dhéanamh faoi nithe córacha agus éagóracha
- an chaoi inar féidir le cearta bheith ag leanaí a gcuid beathaí a fheabhsú
- na cearta a mheasaimid bheith tábhachtach

### Na rudaí a bheith ag teastáil uait:

- Páipéar agus ábhair líníochta
- Léirithe um Chúinsí Éagóracha (Acmhainn 1)
- Léirithe um Chearta Leanaí (Acmhainn 2)
- Léirithe um Chearta Leanaí – focail agus pictiúirí (Achmhainn 3)

## Céimeanna

### Tosaigh mar seo: Smaoineamh faoi cad atá ag teastáil uainn le bheith sona

1. Iarr ar gach leanbh chun pictiúr díobh féin a tharraingt agus a n-ainm a scríobh in aice lena bpictiúr (nó scríobh a gcuid ainmneacha dóibhsean, de réir mar is cuí).
2. Tacaigh leis na leanaí chun plé a dhéanamh ar a dteastaíonn uathu chun saol sona bheith acu (b'fhéidir go n-áireofaí lena gcuid moltaí daoine chun cúram a léiriú dóibh, bia chun ithe, teach cónaithe, deiseanna súgartha, srl.). Spreagadh a thabhairt do na leanaí chun tarraingt ar réimse leathan smaointe – mar shampla, má bhíonn siad ag díriú ar an súgradh, d'fhéadfá spreagadh a thabhairt do na leanaí chun smaoineamh faoi na héilimh eile a bhíonn acu ar nós an bhia, uisce glan le hól agus don ghlanadh, bheith in ann cúram sláinte a fháil má éiríonn siad tinn, duine éigin le cúram a thabhairt dóibh, bheith sábháilte, srl.

3. Tacaigh leis na leanaí chun díriú ar a gcuid smaointe comhroinnte agus chun iad a léiriú. Cruthaigh taispeántas leis na leanaí, ina gcuirtear a bhféinphortráidí a croílár, agus na féinphortráidí sin timpeallaithe le léaráidí na leanaí faoina dteastaíonn uathu chun bheith sona.

## Forbair mar seo: Smaoineamh faoi chearta

4. Nochtar na léirithe um Chúinsí Éagóracha (Acmhainn 1) ar an gclár bán. Fiafraigh de na leanaí céard a shíleann siad faoi na hathruithe a tharlóidh i ngach aon phictiúr chun is go mbeadh an leanbh i ngach aon phictiúr sona. Tacaigh leis na leanaí chun na híomhánna úd a chur i gcomparáid lena léaráidí féin agus bain leas as na téarmaí 'cóir' agus 'éagóir' chun plé a dhéanamh fúthu.

5. Fiafraigh de na leanaí an síleann siad go mbeadh cothrom na féinne ag gach leanbh agus cad chuige? Tabhair isteach an focal 'ceart' agus mínigh é le tagairt do na léirithe – mar shampla, bain leas as an íomhá de leanbh ar bheagán bia chun ceart leanaí do bhia a thabhairt isteach.

## Críochnaigh mar seo: Smaoineamh faoi na daoine ar leo na cearta

6. Taispeáin do na leanaí Léirithe um Chearta Leanaí (Acmhainn 2 san acmhainn seo nó sa láithreoireacht powerpoint leis). Trí chomhphlé ar na híomhánna, tacaigh leis na leanaí chun an ceart a léirítear sa léiriú a aithint. Más mian leat, i gcomhair d'eolas féin, d'fhéadfaí breathnú ar Léirithe um Chearta Leanaí – focail agus pictiúirí (Achmhainn 3).

7. Tabhair isteach an smaoineamh do na leanaí go mbíonn na cearta céanna ag gach leanbh toisc gur daoine atá iontu go léir, agus mínigh gur aontaíodh ar na cearta úd le daoine ó fud an domhain.

8. Tacaigh leis na leanaí chun machnamh faoi na ceisteanna 'Céard a d'fhoghlaimíomar?' agus 'Céard ba mhaith linn níos mó a fhoghlaim faoi?'

## Moltaí chun an ghníomhaíocht a oiriúnú:

- Más mian leat agus de réir mar is cuí, iarr ar na leanaí chun íomhá a thabhairt isteach dóibh féin nó de rud éigin ina léirítear iad seachas pictiúir dóibh féin a tharraingt.
- Is féidir an ghníomhaíocht sin a chur in oiriúint do chomhthéacsanna agus aoisghrúpaí éagsúla ach líon na gceart a thugtar do leanaí a mhéadú/laghdú mar fhreagra dá gcomhphléanna. Sna cásanna nach dtagann cearta áirithe le leanaí aníos go nádúrtha i gcomhphlé na leanaí faoina dteastaíonn uathu chun bheith sona, d'fhéadfá tarraingt ar Acmhainn 3 nó Acmhainn 4 chun tacú lena gcomhrá.

## Gníomhaíocht 2: Cé a chuidíonn chun Cearta Leanaí a chosaint?

### Cuspóir:

An chéad uair do leanaí bheith ag machnamh faoin:

- an smaoineamh gur féidir le réimse daoine agus eagras éagsúil cuidiú le cearta leanaí a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh
- an smaoineamh gur féidir le gach uile dhuine rud éigin a dhéanamh chun cultúr a chruthú ina léirítear urraim do chearta leanaí

### Ceisteanna treoracha:

- Cé hiad na daoine aonair agus na grúpaí ar féidir leo cearta leanaí a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh?
- Cad iad na cineálacha nithe ar féidir linn go léir a dhéanamh chun cultúr a chruthú ina léirítear urraim do chearta leanaí?

### Torthaí na foghlama:

Foghlaimeoimid inniu faoi:

- na daoine a chuidíonn chun a chinntiú go bhfaigheann leanaí a gcuid cearta
- na nithe ar féidir linn a dhéanamh chun urraim a léiriú do chearta a chéile

### Na rudaí a bheith ag teastáil uait:

- Léirithe um Chúinsí Éagóracha (Acmhainn 1)
- Léirithe um Chearta Leanaí – focail agus pictiúirí (Acmhainn 3)

## Céimeanna

### Tosaigh mar seo: Smaoineamh faoi na cearta tábhachtacha dúinne

1. Ag cur le Gníomhaíocht 1 agus ag baint leasa as na Léirithe um Chearta Leanaí – focail agus pictiúirí (Acmhainn 3), tacaigh leis na leanaí chun achoimre ghairid a thabhairt faoi na cearta a bhíonn ag leanaí agus chun na cearta tábhachtacha dóibh a phlé.

### Forbair mar seo: Smaoinigh faoi na daoine ar féidir leo cearta leanaí a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh?

2. Taispeáin do na leanaí Léirithe um Chúinsí Éagóracha (Acmhainn 1 san acmhainn seo nó sa láithreoireacht powerpoint leis).
3. Scair na leanaí ina ngrúpaí de cheathrar ar a laghad, agus tabhair ceann de na léirithe do gach duine sa ghrúpa, ionas go mbaineann léiriú éagsúil do gach grúpa. Soiléirigh le gach grúpa go mbíonn a fhios acu cén ceart lena mbaineann a léiriú.

| | |
|---|---|
| Léaráid de leanbh le beagán bia | An ceart do bhia |
| Léaráid de leanbh i gclós súgartha clúdaithe le gloine agus le bruscar | An ceart chun súgartha |
| Léaráid de leanbh san fhuacht gan fothain | An ceart do bhaile |
| Léaráid de leanbh ag féachaint ar ghloine uisce shalach | An ceart d'uisce glan |
| Léaráid de leanbh ag fáil 'Fuist!' ó dhuine aosta | An ceart chun éisteachta |
| Léaráid de leanbh nach féidir dul ar scoil | An ceart d'oideachas |
| Léaráid de leanbh breoite | An ceart do chúram sláinte |

4. Iarr ar na leanaí chun labhairt le chéile ina gcuid grúpaí faoi na daoine fásta éagsúla a shíleann siad a d'fhéadfadh cabhrú leis an leanbh sa léiriú ar a mbreathnaíonn siad chun an ceart a fháil lena mbaineann an léiriú.
5. Iarr ar na leanaí chun pictiúr a tharraingt de dhuine amháin de na daoine fásta a d'aithin siad. (D'fhéadfá teimpléad/achoimre a thabhairt do gach grúpa i leith daoine fásta chun tacú lena líníocht, más iomchuí).
6. Iarr ar gach grúpa leanaí chun a gcuid smaointe agus líníochtaí a chomhroinnt le fuílleach an ranga. De réir mar is cuí, bain leas as ceisteanna agus leideanna chun spreagadh do na leanaí chun dul thar na daoine fásta a d'ainmnigh siad agus chun machnamh faoi róil (m.sh. tuismitheoir/caomhnóir, oide, lia, garda) agus faoi eagrais (m.sh. scoileanna, na gardaí, ospidéil).

## Críochnaigh mar seo: Smaoineamh faoin gcaoi ar féidir linn cabhrú

**Nóta do Mhúinteoirí:** Is féidir an smaoineamh a chur in aithne do leanaí go gcaithimid go léir urraim a léiriú do chearta a chéile. Ba chóir go n-idirdhealófaí an méid sin ón smaoineamh de bheith freagrach as cearta leanaí a fhíorú, arb é an ról don Stát den chuid is mó é.

7. Is féidir ceann ar bith de na líníochtaí a chruthaigh na leanaí a fhorbairt ina montáis de 'Daoine fásta a thacaíonn le Cearta Leanaí' nó a bhraisliú ina bpriontaí de na Léirithe um Chearta Leanaí (Acmhainn 3) ábhartha.
8. Tacaigh leis na leanaí chun plé a dhéanamh ar an gceist 'Cén chaoi ar féidir linn cuidiú le leanaí chun taithí a fháil ar chearta leanaí?', le tagairt do roinnt cearta éagsúla (m.sh. oideachas, súgradh, cead cainte) agus na comhthéacsanna ina dtagann na cearta sin aníos (m.sh. scoil, an pobal áitiúil, an baile, an cumann áitiúil).
9. Tacaigh leis na leanaí chun machnamh faoi na ceisteanna 'Céard a d'fhoghlaimíomar?' agus 'Céard ba mhaith linn níos mó a fhoghlaim faoi?'

## Moladh chun an ghníomhaíocht a oiriúnú:

De réir mar is cuí, d'fhéadfaí aird chomhphléanna na leanaí a chur in oiriúint chun gníomh a thaiscéaladh a d'fhéadfadh cabhrú le cearta leanaí a chur chun feidhme i gcomhthéacs faoi leith (m.sh. sa seomra ranga) nó chun bearta a d'fhéadfadh cabhrú le ceart faoi leith ag leanaí a chur chun feidhme (m.sh. an ceart chun súgartha) ag leibhéal an phobail áitiúil.

## Moladh chun an ghníomhaíocht a leathnú:

Aithin duine fásta ar pléadh a ról i measc na leanaí de bheith nasctha le cearta leanaí – mar shampla, tuismitheoir/caomhnóir, garda, altra, lia, tuismitheoir, cóitseálaí spórt, SNA, tiománaí an bhus scoile, srl. Tabhair cuireadh don duine fásta chun cuairt a thabhairt ar an rang agus labhairt leis na leanaí faoina ról agus faoin gcaoi ina mbaineann sé le beatha na leanaí. Tabhair spreagadh do na leanaí chun a gcuid foghlama faoi chearta leanaí a chomhroinnt leis an duine fásta, éascaigh do chomhrá faoin gcaoi ina bhféadfadh ról an duine fásta tacú le cearta leanaí. De réir mar is cuí, d'fhéadfadh na leanaí deimhniú a chruthú ina n-aithnítear an duine fásta mar 'chosantóir um chearta leanaí'. Más féidir, d'fhéadfá cuireadh a thabhairt do níos mó ná duine fásta amháin chun cuairt ar an rang sa bhealach sin.

## Gníomhaíocht 3: Gníomh: Moladh do Chearta Leanaí!

### Cuspóir:

- Chun cuidiú le leanaí chun machnamh faoi na cearta atá tábhachtach dóibhsean anois
- Chun an smaoineach a thabhairt isteach go mba cheart go mbeadh fios ag gach duine ar chearta leanaí

### Ceisteanna treoracha:

- Cén chaoi ar féidir linn insint do dhaoine faoi chearta leanaí?
- Cén chaoi ar féidir linn insint do dhaoine faoi Choinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh?

### Torthaí na foghlama:

Beartóimid:

- chun cuidiú le daoine eile chun eolas a fháil faoi chearta leanaí

### Na rudaí a bheith ag teastáil uait:

- Léirithe um Chúinsí Éagóracha (Acmhainn 1)
- Léirithe um Chearta Leanaí (Acmhainn 2)
- Íomhánna ina léirítear cearta an linbh faoi Choinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh (Acmhainn 4)
- Péinteanna leanaí do lorg ordóige

## Céimeanna

### Tosaigh mar seo: Smaoineamh faoi bhealaí chun cuidiú le daoine eile chun foghlaim faoi chearta leanaí

1. Pléigh leis na leanaí na bealaí éagsúla inar féidir linn cabhrú le daoine eile chun foghlaim faoi chearta leanaí. Mol an rogha chun póstaer ranga 'Moladh do Chearta Leanaí' a chruthú le taispeáint sa scoil ionas gur féidir le leanaí agus daoine fásta eile breathnú air.
2. Fiafraigh smaointe de na leanaí faoin gcaoi chun an póstaer a léiriú. Is dhá rogha a d'fhéadfadh sibh plé a dhéanamh orthu sa rang ina leith sin ná:

- Téigh siar ar Léirithe um Chearta Leanaí (Acmhainn 2) agus tacaigh leis na leanaí chun a léirithe comhionanna féin a chruthú agus chun iad a thabhairt le chéile mar phóstaer mór.
- Téigh siar ar na híomhánna lena léirítear cearta an linbh faoi Choinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh (Acmhainn 4) agus tacaigh leis na leanaí chun focail a chur leis i dtaca le cearta éagsúla, de réir mar is cuí.

## Forbair mar seo: Moladh do Chearta Leanaí

3. Laistigh de spás sa phóstaer atá cruthaithe ag na leanaí, tabhair cuireadh do na leanaí chun a lorg ordóige a chur ann ach leas a bhaint as péinteanna leanaí.

## Críochnaigh mar seo: Insint do dhaoine eile faoi chearta leanaí

4. Tacaigh leis na leanaí chun a bpóstaer 'Moladh do Chearta Leanaí' a chur i láthair daoine eile sa scoil agus sa phobal – mar shampla, ach é a chur ar taispeáint áit éigin sa scoil mar a bhfeicfidh gach duine é, nó aighneacht a thabhairt faoi ag tionól scoile nó ag ceiliúradh lánscoile de chearta leanaí.

## Moladh chun an ghníomhaíocht a oiriúnú:

Féadann an gníomh seo bheith mar chuid de cheiliúradh níos mó ar chearta leanaí, le póstaer lánscoile 'Moladh do Chearta an Linbh' á leagan le lorg ordóige ag an scoil uile nó ag ionadaí ó gach rang, tuismitheoirí agus baill foirne na scoile.

## Moladh chun an ghníomhaíocht a leathnú:

- D'fhéadfaí cuireadh a thabhairt do roinnt de na daoine fásta a aithníodh le linn Ghníomhaíocht 2 chun a dtiomantas a léiriú do chearta leanaí trí lorg a n-ordóige a chur leis an bpóstaer.

## Acmhainn 1: Léirithe um chúinsí éagóracha

















## Acmhainn 2: Léirithe um Chearta Leanaí


























## Acmhainn 2: Léirithe um Chearta Leanaí























## Achmhainn 3: Léirithe um Chearta Leanaí - focail agus pictiúirí



bia



oideachas



súgradh agus scíth




ainm



baile



éadaí



teaghlach agus cúram




uisce glan





guth a bheith agat



bheith beo



an rud is fearr do leanaí a dhéanamh




tú féin a chur in iúl

## Acmhainn 4 - Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh



bheith láimhseáilte go cothrom agan dlí



cúram sláinte



teacht ar eolas




náisiúntacht




príobháideacht



cosaint ó chogadh



cosaint ó obair a dhéanfadh díobháil duit





do chuid ceart agus freagrachtaí a thuiscint



bheith slán



ag forbairt do chuid buanna agus cumais



cách éagsúil, cách comhionann




do chultúr, creideamh & teanga féin a chleachtadh

# Acmhainn 4 - Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh

Is comhaontas idirnáisiúnta é Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh a liostaíonn na cearta ba choir a bheith ar fáil do gach leanbh agus duine óg suas go 18 mbliana d'aois. Ba chóir go mbeadh taithí ag gach leanbh ar na ceartaí seo agus iad ag fás anuas.



ombudsman
do leanaí
for children

UNCRC 25

Children Now, Rights Now

Centre for
Human Rights
and
Citizenship
Education

DCU Institute of Education